C/2025/5231

26.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5231)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0358-AM02 — 3.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Ceannasachta Bia agus Foraoisí – An Roinn Ceannasachta Bia agus Spóirt Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann an leasú seo faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

— níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa Doiciméad Aonair ar neamhní;

— níl aon srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Tagairt d'ainmneacha aonad geografach níos lú sa limistéar is bonn leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

Tuairisc

Rinneadh athbhreithniú ar liosta na n-aonad geografach níos lú i limistéar táirgthe ATFC a d'fhéadfadh a bheith le feiceáil ar lipéid na bhfíonta atá i gceist, ar choinníoll go ndéantar an táirge ar leithligh agus go luaitear é sin go sonrach sa dearbhú buainte bliantúil.

Baineann an leasú seo le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge agus le hIarscríbhinn A a ghabhann léi agus áirítear leis athrú ar roinn 11 den Doiciméad Aonair ('Ceanglais bhreise is infheidhme').

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

Pacáistíocht sa limistéar geografach sainithe (Ceartúchán)

Tuairisc

Cuireadh isteach sa Doiciméad Aonair freisin an ceanglas a leagadh síos cheana sa tsonraíocht táirge, arna leasú in 2011, chun pacáistíocht a dhéanamh, lena n-áirítear buidéalú, laistigh den limistéar geografach sainithe.

Ní bhaineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge ach níl i gceist leis ach athrú ar roinn 11 den Doiciméad Aonair ('Ceanglais bhreise is infheidhme').

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

Tagairtí don chomhlacht rialaithe

Tuairisc

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialaithe, agus cuireadh tagairt d'fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an Doiciméad Aonair i gceist leis.

☐ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

Uastáirgeacht

Tuairisc

Cumascadh na tuairiscí ar na huastáirgeachtaí le haghaidh an dá chineál dá bhforáiltear.

Is leasú cléireachais amháin atá sa leasú agus ní dhéantar athruithe substaintiúla leis.

Ní bhaineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge ach níl i gceist leis ach athrú ar roinn 7.2 den Doiciméad Aonair ('Uastáirgeacht').

☑ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

Teideal

Leasuithe cléireachais ar an tsonraíocht táirge

Tuairisc

Tugadh teidil na n-airteagal sa tsonraíocht táirge cothrom le dáta, scriosadh roinnt tagairtí do ghníomhartha dlí nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh agus ceartaíodh aon bhotún sa téacs.

Ní bhaineann an leasú seo ach leis an tsonraíocht táirge agus níl aon athrú ar an Doiciméad Aonair i gceist leis.

☐ Déanann an leasú difear don Doiciméad Aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

‘Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua’

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0358-AM02 — 3.7.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d’Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

‘Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua’

Tréithe orgánaileipteacha:

Cuma:

Dath an rúibín más óg iad, dath an ghairnéid má tá siad aosaithe.

Dea-bholadh:

Dea-bholadh fíonmhar láidir ach éadrom.

Blas:

Blas bog, aramatach, te.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha:

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 12,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23 g/l.

Táirge fíniúna

'Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua'

Tréithe orgánaileipteacha:

Cuma:

Dath an rúibín más óg iad, dath an ghairnéid má tá siad aosaithe.

Dea-bholadh:

Dea-bholadh fíonmhar láidir ach éadrom.

Blas:

Blas bog, aramatach, te.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha:

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5.
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 13,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 23 g/l.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

-

Neamhbhainteach

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon/catagóir/cineál/cineál ‘

Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua’

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	9 000
Táirgeacht uasta:	cileagram d’fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

An Iodáil – Rossese N.

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Cuimsíonn limistéar geografach sainithe ATFC ‘Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua’ bardais Dolceacqua, Apricale, Baiardo, Camporosso, Castelvittorio, Isolabona, Perinaldo, Pigna, Rocchetta Nervina, San Biagio della Cima agus Soldano, sráidbhaile Vallecrosia Alta i mbardas Vallecrosia, sráidbhailte Mortola Superiore, S. Bartolomeo Carletti, Ville, Calandri, S. Lorenzo, S. Bernardo, Sant’Antonio, Sealza, Villatella, Calvo-S. Pancrazio, Torri, Verrandi agus Caria di Trucco i mbardas Ventimiglia, agus an chuid de chríoch bhardas Vallea atá suite ar bhruach deas an tsrutha Borghetto.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

Gnéithe ithreach: dríodar muirí den chuid is mó le comhdhéanamh neamhsháithiúil, ina bhfuil marlaí. Uigeacht dúrabháin gharbh i gcás gaineamhchloiche, uigeacht mhín i gcás marlaí. Gnéithe topagrafacha: idir 0 agus 2 100 m os cionn leibhéal na mara, ach idir 200 m agus 500 m don chuid is mó. Gnéithe aeráide: meánteocht 13 °C sa limistéar lena mbaineann. An bháisteach uasta i mí na Nollag le 115 mm, an bháisteach is ísle i mí Iúil le meánbháisteach 17 mm, meánbháisteach bhliantúil de thart ar 680 mm. Tosca daonna is ábhartha don nasc: luaitear i ndoiciméadacht tráchtála idir Ventimiglia agus Calafort Genoa, ó 1258-1259, cainníochtaí suntasacha d’fhíon dearg Vermiglio, arbh é fréamhshamhail an fhíona reatha é gan amhras.

11. **Tuilleadh ceanglais is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe:

Tagairtí d’ainmneacha na n-aonad geografach níos lú sa limistéar is bun leis an ATFC

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál ceanglais/maolaithe bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/maolú:

Féadfar ainmneacha na n-aonad geografach níos lú seo a leanas sa limistéar atá mar bhonn leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid ar lipéad fhíonta 'Rossese di Dolceacqua/Dolceacqua', ar choinníoll go ndéantar an táirge ar leithligh agus go luaitear é sin go sonrach sa dearbhú bliantúil buainte.

(1) BRUNETTI

(2) GIUNCHEO

(3) MIGLIARINA

(4) MONTE CURTO

(5) PIAN DEL VESCOVO

(6) TERRABIANCA

(7) ARCAGNA

(8) ARMETTA

(9) AURIN

(10) CASIGLIAN

(11) MORGHE

(12) PEVERELI

(13) POZZUOLO

(14) ROSA

(15) RUCHIN

(16) TRAMONTINA

(17) ALPICELLA

(18) CURLI

(19) SAVOIA

(20) BRAE

(21) NEGI

(22) BERNA

(23) LUVAIRA

(24) NOVILLA

(25) POSAÙ

(26) BERAGNA

(27) BRAMUSA

(28) FERENGHÉ

(29) FULAVIN

(30) GALEAE

(31) PINI

(32) SANTA CROCE

(33) SETTE CAMMINI

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe:

Pacáistíocht, agus buidéalú ina measc, sa limistéar geografach sainithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál ceanglais/maolaithe bhreise:

Buidéalú sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/maolú:

I gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, ní mór pacáistíocht, chomh maith le buidéalú, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe chun cáilíocht agus clú a chosaint, agus chun an tionscnamh a ráthú agus chun a áirithiú go mbeidh na rialuithe éifeachtach.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23255